2024/3176

20.12.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3176 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Nollaig 2024

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/602 a mhéid a bhaineann le haitheantas na scéime deonaí 'International Sustainability & Carbon Certification – ISCC EU' [Deimhniúchán Idirnáisiúnta Inbhuanaitheachta agus Carbóin] maidir le bithmhais foraoise, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn ([1]), agus go háirithe Airteagal 30(4) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuir scéim dheonach '*International Sustainability & Carbon Certification* – ISCC EU' (scéim ISCC) iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin chun aitheantas a fháil de bhun Airteagal 30(4) de Threoir (AE) 2018/2001 an 17 Nollaig 2020. De thoradh na hiarrata rinne an Coimisiún measúnú ar an scéim sin, measúnú inar sainaithníodh roinnt saincheisteanna a raibh modhnú ag teastáil ina leith. San athiarraidh uaithi an 23 Meitheamh 2021, thug an scéim aghaidh mar ba cheart ar na saincheisteanna sin agus tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go gcumhdaítear go leormhaith leis an scéim na critéir maidir le hinbhuanaitheacht do bhithmhais talmhaíochta a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (5) de Threoir (AE) 2018/2001, agus freisin go raibh sonraí cruinne inti faoi laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa chun críoch Airteagal 29(10) den Treoir sin agus go gcuirtear modheolaíocht maidir le cothromaíocht mhaise i bhfeidhm léi i gcomhréir le ceanglais Airteagal 30(1) agus (2) den Treoir sin. Dá bhrí sin, tugadh aitheantas do scéim ISCC i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/602 ón gCoimisiún ([2]), chun a léiriú go raibh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 29(2) go (5) agus (10) de Threoir (AE) 2018/2001 á gcomhlíonadh, ceanglais a bhaineann le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a tháirgtear ó bhithmhais talmhaíochta agus ó dhramhaíl agus iarmhair. Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart a shoiléiriú cé na forálacha de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/602 a bhfuil feidhm acu maidir le bithmhais talmhaíochta agus cé na forálacha a bhfuil feidhm acu maidir le bithmhais foraoise.

(2) Ós rud é gur measadh i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/602 nach gcumhdaítear go leormhaith le scéim ISCC na critéir maidir le hinbhuanaitheacht do bhithmhais foraoise a leagtar síos in Airteagal 29(6) agus (7) de Threoir (AE) 2018/2001, rinne an scéim tuilleadh modhnuithe chun a áirithiú go gcumhdaítear go leormhaith freisin na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa do bhithmhais foraoise a leagtar síos in Airteagal 29(6), (7) agus (10) de Threoir (AE) 2018/2001. San athiarraidh uaithi an 30 Samhain 2023, tugadh aghaidh go leormhaith ar na saincheisteanna ar fad a bhí fós ann a sainaithníodh roimhe sin, agus tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go léiríonn scéim ISCC anois go gcomhlíonann coinsíneachtaí de bhithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise na critéir maidir le hinbhuanaitheacht a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) de Threoir (AE) 2018/2001 agus an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa chun críoch Airteagal 29(10) den Treoir sin. Thángthas ar an gconclúid freisin a mhéid a bhaineann le bithmhais foraoise go gcuirtear modheolaíocht maidir le cothromaíocht mhaise i bhfeidhm le scéim ISCC i gcomhréir le ceanglais Airteagal 30(1) agus (2) de Threoir (AE) 2018/2001.

([1]) IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/602 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2022 maidir le haitheantas a thabhairt don scéim dheonach '*International Sustainability & Carbon Certification* – ISCC EU' chun a léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte á gcomhlíonadh (IO L 114, 12.4.2022, lch. 182, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/602/oj).

(3) Ar an gcaoi chéanna, níor chumhdaigh scéim ISCC na ceanglais le haghaidh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a leagtar síos in Airteagal 27(6) de Threoir (AE) 2018/2001 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 ón gCoimisiún ([3]). Chomh maith leis sin, níor sholáthair sí sonraí cruinne faoi laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte chun críoch Airteagal 29a(1) agus (2) de Threoir (AE) 2018/2001 agus i gcomhréir leis an modheolaíocht atá i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185 ón gCoimisiún ([4]). Dá bhrí sin, an 12 Meán Fómhair 2023, chuir scéim ISCC iarraidh eile faoi bhráid an Choimisiúin chun aitheantas a fháil a mhéid a bhaineann le táirgeadh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte. Rinne an Coimisiún measúnú ar an scéim ach tháinig sé ar an gconclúid go raibh gá le tuilleadh modhnuithe chun a mheas go bhfuil sí i gcomhréir leis na rialacha ábhartha maidir le breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte. Chuir an scéim a doiciméadacht isteach arís an 22 Iúil 2024 agus thug sí aghaidh mar ba cheart ar na saincheisteanna a sainaithníodh. Chinn an Coimisiún go gcumhdaítear go leormhaith le scéim ISCC anois na rialacha a leagtar amach in Airteagal 27(6) de Threoir (AE) 2018/2001 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 maidir le táirgeadh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus go soláthraítear sonraí cruinne léi faoi laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte chun críoch Airteagal 29a(1) agus (2) de Threoir (AE) 2018/2001 agus i gcomhréir leis an modheolaíocht atá i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185.

(4) Ós rud é go gcumhdaítear bithmhais foraoise le scéim ISCC anois freisin, sa bhreis ar na bunábhair ar tugadh aitheantas di ina leith le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/602, cumhdaítear leis an scéim gach cineál breosla a tháirgtear ó bhithmhais. Sa bhreis air sin, cumhdaítear leis an scéim anois breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte. Tá clúdach geografach domhanda aici agus cuimsítear léi an líne chúraim ar fad.

(5) Anois comhlíonann scéim ISCC go leormhaith na rialacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 ón gCoimisiún ([5]) a mhéid a bhaineann le breoslaí a tháirgtear ó bhithmhais foraoise freisin.

(6) Comhlíonann scéim ISCC go leormhaith na rialacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2448 ón gCoimisiún ([6]) a mhéid a bhaineann leis an critéir maidir le hinbhuanaitheacht a leagtar síos in Airteagal 29(6) agus (7) de Threoir (AE) 2018/2001.

(7) Sa mheasúnú ar scéim ISCC cinneadh go gcomhlíonann sí na caighdeáin leordhóthanacha iontaofachta, trédhearcachta agus iniúchóireachta neamhspleáiche agus go gcomhlíonann sí freisin na ceanglais mhodheolaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 a mhéid a bhaineann le breoslaí a tháirgtear ó bhithmhais foraoise, agus i gcás breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte, go gcomhlíonann sí na forálacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185.

(8) A mhéid a bhaineann leis na gnéithe nua de scéim ISCC a aithnítear sa Chinneadh seo, tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh orthu tar éis athiarrataí an 30 Samhain 2023 agus an 22 Iúil 2024, ba cheart 5 bliana a bheith sa tréimhse bhailíochta.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/602 a leasú dá réir.

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2023 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhodheolaíocht de chuid an Aontais a bhunú ina leagtar amach rialacha mionsonraithe maidir le táirgeadh breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch (IO L 157, 20.6.2023, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/1184/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2023 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí íostairseach i gcomhair laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte a bhunú agus trí mhodheolaíocht a shonrú chun measúnú a dhéanamh ar na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte (IO L 157, 20.6.2023, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/1185/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/996 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2022 i ndáil le rialacha chun critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus critéir maidir le riosca íseal i ndáil le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a fhíorú (IO L 168, 27.6.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/996/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2448 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2022 maidir le treoir oibríochtúil a bhunú i dtaca leis an bhfianaise lena léireofar gur comhlíonadh na critéir inbhuanaitheachta um bithmhais foraoise a leagtar síos in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 320, 14.12.2022, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/2448/oj).

(10) An fhaisnéis gur tugadh aitheantas do scéim ISCC freisin le haghaidh bithmhais foraoise, agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte, cuirfear ar fáil í sa roinn atá dírithe ar scéimeanna deonacha ar shuíomh gréasáin EUROPA an Choimisiúin.

(11) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(12) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, tá siad i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Inbhuanaitheacht Bithbhreoslaí, Bithleachtanna agus Breoslaí Bithmhaise,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/602 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) sa chéad mhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) comhlíontacht na gcoinsíneachtaí de bhithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise leis na critéir maidir le hinbhuanaitheacht do bhithmhais talmhaíochta a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (5) agus (10) de Threoir (AE) 2018/2001;'

(b) cuirtear na trí mhír seo a leanas isteach:

'Tar éis na hiarrata an 30 Samhain 2023, léiríonn an scéim freisin comhlíontacht na gcoinsíneachtaí de bhithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise leis na critéir maidir le hinbhuanaitheacht do bhithmhais foraoise a leagtar síos in Airteagal 29(6) agus (7) agus leis na gceanglais maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa do bhithmhais foraoise in Airteagal 29(10) de Threoir (AE) 2018/2001.

Tar éis na hiarrata an 22 Iúil 2024, léiríonn an scéim freisin go comhlíontacht na gcoinsíneachtaí de bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch leis na forálacha a leagtar amach in Airteagal 27(6);

Tar éis na hiarrata an 22 Iúil 2024, soláthraíonn an scéim sonraí cruinne faoi laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte chun críoch Airteagal 29a(1) agus (2) de Threoir (AE) 2018/2001.'

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'Tá an Cinneadh bailí:

(a) go dtí an 13 Aibreán 2027 a mhéid a bhaineann leis na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 1, an chéad mhír, pointí (a), (b) agus (c), agus an dara mír;

(b) go dtí an 21 Nollaig 2029 a mhéid a bhaineann leis na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 1, an tríú mír, an ceathrú mír agus an cúigiú mír.

I gcás ina ndéanfar athrú ar ábhar na scéime, mar a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin í chun aitheantas a fháil ina leith, arb athrú é a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fhoras an Chinnidh seo, cuirfidh an scéim dheonach 'ISCC' an Coimisiún ar an eolas faoi na hathruithe sin gan mhoill. Déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin measúnú ar na hathruithe faoina dtugtar fógra d'fhonn a shuí cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear go leormhaith fós leis an scéim na critéir maidir le hinbhuanaitheacht ar tugadh aitheantas di ina leith.'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN